


Aonad 8 – Ceacht 1




Iasachtaí Ceisteanna Coitianta – Freagraí Féidearthachta



1. An bhfuil an iasacht ag teastáil? An féidir liom an t-airgead a shábháil?

Glac am nuair atá iasacht á fáil agat. Uaireanta, nuair a smaoiníonn tú faoi rud, foghlaimíonn tú nach bhfuil sé ag teastáil uait i ndáiríre. Ach má cheapann tú go bhfuil rud fós uait, féach an féidir an t-airgead a shábháil taobh istigh d'achar ama réasúnta.



2. Cén áit is fearr dom iasacht a fháil?

Is minic go bhfaigheann daoine airgead ar iasacht ó chairde nó ó chlann. Téann daoine eile go dtí banc, Comhar Creidmheasa, nó institiúid airgeadais eile. Téann daoine eile go dtí iasachtóirí airgid – ach bíonn coinníollacha difriúla acu.

3. An mbeidh mé in ann aisíocaíochtaí a dhéanamh?

Tá sé an-tábhachtach go gcuireann tú an cheist seo ort féin. Cé mhéad go mbeidh tú in ann a íoc, taobh istigh d'achar ama áirithe. Seo an áit go mbíonn buiséad tábhachtach. Leag buiséad amach agus tabhair san áireamh céard a tharlódh má athraíonn cúinsí. B'fhéidir go gcaillfeá do phost, nó go n-ardófaí an ráta úis. Munar féidir leat na haisíocaíochtaí a dhéanamh, ní ceart duit an iasacht a fháil. Mar déanfaidh seo dochar duit sa todhchaí más mian leat iasacht a fháil arís.

4. Conas a shocraím na haisíocaíochtaí?

Déanfar an socrú seo leis an áit a dtabharfaidh an iasacht duit. Má tá iasacht á fáil ón mbanc nó ón gComhar Creidmheasa agat, is minic go socróidh siad dochar díreach leat, a thiocfaidh amach ó do chuntas go míosúil. Ciallaíonn seo go dtiocfaidh suim áirithe amach ó do chuntas go huathoibríoch gach mí.



5. Cé mhéad gur féidir liom a fháil ar iasacht?

Braitheann seo ar d'ioncam, mar aon leis an gcineál poist atá agat, agus ar rudaí cosúil leis an méid airgid atá i dtaisce agat. Tógfar san áireamh má tá tú ag fáil iasachta duit féin amháin – nó má tá duine ann a rachaidh i mbannaí ort.


6. Cad iad na rudaí is tábhachtaí nuair atá iasacht á fáil agat?

Cuardaigh timpeall don ráta úis is ísle – agus don chostas creidmheasa ina iomláine. Faigh meastachán agus cuir seo i gcomparáid le hinstitiúidí eile. Ach bí cinnte comparáid a dhéanamh idir na coinníollacha céanna. Bí cinnte go n-oireann na téarmaí aisíocaíochtaí le cúis na hiasachta. Mar shampla, níl tú ag iarraidh iasacht le haghaidh laethanta saoire coicíse a íoc thar thréimhse trí bliana. Má íocann tú iasacht ar ais thar thréimhse níos giorra, beidh sé níos saoire – ach beidh na haisíocaíochtaí níos airde.

7. Cad a tharlaíonn mura dtuigim na téarmaí?

Cuir ceisteanna má tá aon rud nach dtuigeann tú agus **ná sínigh aon rud** go dtí go dtuigeann.

Faigh comhairle ó áit cosúil leis an CCPC.



8. Cad a dhéanaim má théim i bhfiacha?

Ná faigh tuilleadh iasachtaí chun iad seo a ghlanadh.

Faigh comhairle agus ná bíodh eagla ort cúnamh a lorg.

